

Scríbhneoireacht Reatha

TORTHAÍ FOGHLAMA

- Rannpháirtíocht
- Litriú
- Peannaireacht

Reatha ón Tús

Is breá le páistí óga marcanna a dhéanamh agus iad féin a shamhlú mar scríbhneoirí cumasacha inniúla. Úsáideann siad litreacha, focail, uimhreacha, comharthaí, pictiúir, dathanna agus cruthanna chun eolas a thabhairt agus a thaifeadadh agus chun cur síos a dhéanamh ar a n-eispéireas féin agus eispéireas daoine eile, agus ciall a bhaint astu. In éineacht le tacú le scríbhneoireacht éiritheach páistí trí shúgradh samhlaíoch, tá príomhról ag an múinteoir

i bpleanáil agus múineadh cur chuige struchtúrtha i leith lámhscríbhneoireacht páistí a fhorbairt. Is sprioc thábhachtach í líofacht i múineadh na lámhscríbhneoireachta agus cabhraíonn scríbhneoireacht reatha (cheangailte) leis an sprioc sin a bhaint amach, ós rud é go bhfuil gluaiseacht leanúnach nádúrtha ó chlé go deas ag baint leis.

Nuair a dhéantar scríbhneoireacht reatha, scríobhtar litreacha trí ghluaiseacht gan bhriseadh atá cosúil le pátrúin leanúnacha réamhscríbhneoireachta páistí. Úsáidtear spásanna go príomha chun focail a scaradh óna chéile. Seachas cló a fhoghlaim ar dtús agus scríbhneoireacht reatha

In éineacht le tacú le scríbhneoireacht éiritheach páistí trí shúgradh samhlaíoch, tá príomhról ag an múinteoir i bpleanáil agus múineadh cur chuige struchtúrtha i leith lámhscríbhneoireacht páistí a fhorbairt.

ina dhiaidh sin, is féidir tacú le páistí an stíl reatha a fhoghlaim ó thús, rud a thacaíonn leo díriú ar ghnéithe eile d'fhorbairt litearthachta de réir mar a dhéanann siad dul chun cinn sa bhunscolaíocht.

Scileanna Mínluaileacha

Tá scileanna mínluaileacha riachtanach chun gur féidir le páistí litreacha a dhéanamh. Cuimsíonn na scileanna seo cumas matáin bheaga an choirp a rialú agus gníomhartha na súl agus na lámh a chomhordú (comhordú lámh is súl). Tá gá ag páistí le luailrialú chun patrúin agus cruthanna litreacha a chruthú agus tá gá acu le scileanna aireachtála chomh maith le haghaidh méid litreach, spásála agus treoshuímh.

Scríbhneoireacht Reatha

Díreach mar a dhéantar i gcás scileanna oll-luaileacha (gluaiseachtaí móra matán amhail lámhacán, siúl, rith, léim, luascadh, caitheamh, ciceáil agus scipeáil), forbraíonn páistí scileanna mínluaileacha ag amanna éagsúla. Caithfidh múinteoirí na scileanna seo a mhúnlú agus deiseanna laethúla a chur ar fáil do pháistí chun iad a chleachtadh agus a fhorbairt mar chéad chéim d'fhorbairt na lámhscríbhneoireachta.

Scileanna mínluaileacha agus páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

D'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag páistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu le scileanna

mínluaileacha nó oll-luaileacha nó sa dá réimse sin. I gcás páistí áirithe, d'fhéadfadh moill a bheith ar dhul chun cinn áirithe mar thoradh ar dheacrachtaí le próiseáil chéadfaíoch. Is bearta tábhachtacha iad a chinntiú go bhfuil cobhsaíocht coirp uachtaraigh agus dhá lámh shaora acu le tacú leo tasc mínluaileach a chur i gcrích. Nuair a phleanáiltear agus nuair a eagraítear gníomhaíochtaí rialta suimiúla i seisiúin ghearra thapa, cuirtear am ar fáil do pháistí a scileanna a phróiseáil, a chomhdhlúthú agus a fheabhsú. Beidh sé chun leas na bpáistí cleachtadh a chur ar fáil ar dhromchlaí ingearacha nó claonta chomh maith.



Scríbhneoireacht Reatha a Mhúineadh Aistriú go gnáthscríbhneoireacht

Tá sé ríthábhachtach a ndóthain ama agus spáis a chur ar fáil do pháistí chun gur féidir leo taiscéaladh a dhéanamh agus taitneamh a bhaint as an aistriú go gnáthscríbhneoireacht ionas go mbeidh dearcadh dearfach acu i leith na scríbhneoireachta. Tá deiseanna le haghaidh súgradh samhlaíoch, agus le haghaidh líníocht agus scríbhneoireacht le hábhair marcála/rianaithe dhifriúla amhail criáin, péint, gaineamh agus sobal bearrtha, tá siad tábhachtach chun go mbeidh na páistí páirteach in eispéireas bríoch luath scríbhneoireachta. Sa phleanáil agus sa teagasc maidir le scríbhneoireacht reatha, cuireann an múinteoir deiseanna ar fáil do pháistí:

Scríbhneoireacht Reatha

- **Scileanna míluaileacha** a fhorbairt trí réimse cleachtaí láimhe a fhorbairt le gníomhaíochtaí samhailteacha. Tá liosta gníomhaíochtaí curtha ar fáil thíos.
- **Gluaiseachtaí bunúsacha lámhscríbhneoireachta** a chleachtadh, amhail línte ingearacha, cothrománacha agus trasnánacha, agus línte a thrasnú chun cros nó ‘x’ a dhéanamh.
- Triail a bhaint as **gluaiseachtaí nua patrúin** agus iad a chleachtadh agus a fheabhsú.
- Gluaiseachtaí **uaschuair agus íoschuair** a chleachtadh. Díritear ar mhéid, aonfhoirmeacht agus claonadh ina dhiaidh sin.
- Tuiscint a fháil ar an **reasúnaíocht a bhaineann leis na cleachtaí patrúin éagsúla**, amhail gluaiseacht thuathalach chiorclach na litreacha a, c, d, g, q agus o.
- **Litreacha a chleachtadh agus a chóipeáil** agus samhlú/samplaí á dtabhairt ag an múinteoir.
- ‘Scríbhneoireacht reatha’ a mhúineadh do na Naíonáin Shóisearacha trí léiriú don pháiste conas **‘treorú isteach agus amach’ as litreacha**, e.g., an smeach ag deireadh na litreach, chun litreacha snítheacha ar leith a chruthú.

I gCéim 2, is féidir leis na páistí tosú ar a gcuid litreacha a cheangal lena chéile, i gcomhréir le polasaí litearthachta na scoile mar chuid dá bhFéinmheasúnú Scoile.

I gCéim 1, tá sé tábhachtach cothromaíocht a aimsiú idir gníomhaíochtaí oscailte a chothaíonn dearcadh dearfach i leith na scríbhneoireachta agus ceartfhoirmiú litreacha a léiriú agus a theagasc ar shlí níos córasaí.

Greim ar an bPeann Luaidhe

Is éard atá i gceist leis an **ngreim pionsúir** ná ardú agus greim a choinneáil ar rudaí idir an ordóg agus an chormhéar. I gcás páistí níos óige, tagann an greim pionsúir in áit **ghreim bhos na láimhe**, i.e., greim a



Scríbhneoireacht Reatha



choinneáil ar rud (amhail crothail linbh) i mbos na láimhe agus na méara a chur thart timpeall air. Is é sprioc atá le scríbhneoireacht luath páistí ná an **greim tríchosach** – cumas greim a fháil ar pheann luaidhe le barr na hordóige agus na corrmhéire agus an peann luaidhe a chur le taobh an tríú méar.

D'fhéadfadh sé éirí níos deacra greim fabhtach

peann luaidhe a cheartú dá fhad a leanann sé ar aghaidh. I gcás páistí atá níos sine, bíonn tionchar ag drochghreim peann luaidhe de réir mar a mhéadaíonn oiread na scríbhneoireachta agus d'fhéadfadh tuirse agus drochfhoirmiú/foirmiú mall litreacha a bheith mar thoradh air seo. Seans go mbeidh gá le cúnamh speisialtóra a fháil ó theiripeoir saothair do

pháistí a bhfuil deacracht acu le greim tríchosach a fháil, in ainneoin cuid mhaith deiseanna a bheith acu chun é a fháil.

Staidiúir

Tá forbairt dea-staidiúir lámhscríbhneoireachta gach píoc chomh tábhachtach céanna le greim ceart ar pheann luaidhe. Cuireann dea-staidiúir cobhsaíocht coirp uachtaraigh ar fáil, rud atá riachtanach le haghaidh dhea-shoghluaisteacht na sciathán, chaolta na lámh, na lámh agus na méar. Agus iad ag scríobh, ba chóir páistí a chur ina suí agus an dá chos ar an urlár ag deasc atá ard a dóthain (d'fhéadfadh deasc atá ró-ard nó ró-íseal dul i bhfeidhm ar bhrú an phinn luaidhe). Úsáideann páistí an lámh nach mbíonn siad ag scríobh léi chun an páipéar a dhaingniú agus chun cuid de mheáchan an choirp a iompar chomh maith.

Forlámhas Láimhe

Faoi cheithre bliana d'aois, beidh rogha shoiléir láimhe déanta ag an gcuid is mó de pháistí i.e., **forlámhas láimhe**.

Scríbhneoireacht Reatha

TACÚ LE PÁISTÍ ATÁ INA GCIOTÓG LENA LÁMHSKRÍBHNEOIREACTH

- Cuir an páipéar ar thaobh clé an choirp.
- Cuir ar uillinn é.
- Cinntigh go bhfuil go leor spáis ann (agus nach bhfuil páiste deasoige ag cur isteach air/uirthi).
- Cabhraigh leis an bpáiste an peann luaidhe a choinneáil ina lámh níos faide suas ón bpointe.

Forbraíonn an lámh atá in uachtar sainchumas tascanna a dhéanamh fad is a chabhraíonn an lámh eile léi e.g., páipéar a ghearradh le siosúr. Ach sa chaoi chéanna go bhféadfadh páistí a bheith ann nach bhfuil an chéim seo bainte amach acu, d'fhéadfadh páistí a bheith ann atá in ann an dá lámh a úsáid (comhdheas ar gach lámh). Ba chóir go mbeadh an lámh/ sciathán nach bhfuil ag scríobh ag daingniú an pháipéir agus ag iompar cuid áirithe de mheáchan an choirp chomh maith.

Cuid mhaith daoine a úsáideann a gciotóg, bíonn siad ag scríobh agus a lámh os cionn an mhéid atá á scríobh acu, agus d'fhéadfaidís crúca a fhorbairt ar mhaithe lena lámhscríbhneoireacht a fheiceáil. Sa chás is fearr ní bheidh sé seo suntasach ach i gcásanna áirithe d'fhéadfadh sé bheith go dona. Daoine a úsáideann a ndeasóg, bíonn siad ag scríobh agus a lámh ag gluaiseacht amach óna gcorp. Páistí a úsáideann a gciotóg, bíonn siad ag scríobh i dtreo a gcoirp féin.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ LE SCILEANNA MÍNLUAILEACHA A FHORBAIRT

Cleachtaí Méar agus Lámh

- Lúb agus díriú do mhéara. Sínn amach agus dún do mhéara ansin.
- Smeach gach méar amach ó d'ordóg.
- Buail do bhosa le chéile agus barr do mhéar le chéile.
- Déan cruth ciorcail trí d'ordóg agus do chormhéar a chur le chéile ar do dhá lámh. Comhghlasáil an dá chiorcal agus tarraing.
- Cuir do lámh ar an deasc (bos na lámhe casta anuas) agus ardaigh gach méar i ndiaidh a chéile.
- Cuir do lámh ar an deasc (bos na lámhe in airde) agus ardaigh gach méar i ndiaidh a chéile chun teagmháil a dhéanamh le d'ordóg.
- Cas d'ordóg thart timpeall ar bharr gach méire (go deisealach agus go tuathalach).

Cineálacha Samhlaíochta Cur Chuige

- Úsáid do mhéara mar shiosúr chun snáithe a ghearradh.
- Seinn na drumáí ar do dheasc.
- Seinn pianó san aer agus ar an deasc.
- Suaith an leite go tapa agus go mall.
- Fáisc na héadaí fliucha.
- Cuir ort do lámhainní agus bain díot arís iad.
- Cas eochair an dorais tosaigh le d'ordóg, do chormhéar agus do mhéar fhada.

Scríbhneoireacht Reatha



Monatóireacht a Dhéanamh ar Fhorbairt na Scríbhneoireachta Reatha

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith úsáideach chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt scríbhneoireachta reatha páistí agus le tacú léi.

- Staidiúir
- Cobhsaíocht coirp uachtaraigh
- Scileanna mínluaileacha
- Greim ar an bpeann luaidhe

- Brú ar an bpeann luaidhe
- Suíomh an pháipéir
- Cumas rianú/cóipeáil a dhéanamh
- Foirmiú litreacha
- Treorú isteach/amach
- Litreacha cuarta i gceart
- Spásáil na litreacha/na bhfocal
- Claonadh na litreacha
- Méid aonfhoirmeach litreacha
- Suíomh na litreacha ar an líne
- Luas scríbhneoireachta

Tagairtí

Amundson, S. (2005). Prewriting and handwriting skills. In Case-Smith (Ed.) *Occupational Therapy for Children*. Londain: Mosby.

Blumenfeld, S. (1994). How Should we Teach our Children to Write? Cursive First, Print later. In *Blumenfeld Education Imleabhar 9 Uimh. 9*. www.howtotutor.com/cursive.htm.

Corson, L. (2009). *Teaching Cursive, this method works*. PCB Press: Oregon.

Cotton, P. (1992). Let's all join up. In *Child Education*. Eagrán Aibreáin. Leamington Spa: Scholastic Publications.

Graham, S., Struck, M., Richardson, J., & Berninger, V. (2006). Dimensions of good and poor handwriting legibility in first and second graders. *Developmental Neuropsychology* 29: 43-60.

Landy, J. & Burrige, K. (1999). *Fine Motor Skills and Handwriting Activities for Young Children*. Nua-Eabhrac: Centre for Applied Research in Education.

Troia, G.A. (2006). Writing instruction for students with learning disabilities. In C.A. MacArthur, S. Graham, & J. Fitzgerald (Eagarthóirí), *Handbook of Writing Research*. Nua-Eabhrac: Guilford.